NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Mo Shaol, M'Airgeadas

## Modúil roghnacha

## Dréacht le haghaidh comhairliúcháin

Eanáir 2025

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach (CFL2SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus, Sruthanna Roghnacha.

Is éard atá i gceist le Mo Shaol, M'Airgeadas dhá mhodúl roghnacha. Tá sé deartha le haghaidh 120 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain. Deartar gach modúl agus tuairim is 60 uair an chloig d'am teagaisc/ranga i gceist leis. Féadfaidh an scoláire a roghnú tabhairt faoi mhodúl amháin nó an dá cheann.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Aire a thabhairt do m'airgeadas | 60 |
| A bheith i do thomhaltóir eolach agus muiníneach | 60 |

# Réasúnaíocht

Tá Mo Shaol, M'Airgeadas dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar eolas agus tuiscint an scoláire ar a chuid nó a cuid airgeadais phearsanta, rud atá ina chuid bhunúsach dá shaol nó dá saol laethúil agus do mhaireachtáil neamhspleách a chur chun cinn. Leis an dá mhodúl roghnacha, tacaítear leis an scoláire chun roghanna agus cinntí eolasacha a dhéanamh faoi earraí agus seirbhísí a cheannach agus idirbhearta airgeadais a dhéanamh. Trí Mo Shaol, M'Airgeadas, cumasaítear don scoláire freisin tabhairt faoi phleanáil airgeadais. Tugann sin cuidiú dó nó di chun tacaíochtaí agus seirbhísí airgeadais a shainaithint ina pobal áitiúil agus ar líne.

Cuireann forbairt ar thuiscint an scoláire ar ról an airgid agus an airgeadais ina shaol nó ina saol le príomhinniúlachtaí a fhorbairt sa tsraith shinsearach. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus déantar forbairt scileanna saoil tábhachtacha, atá bunriachtanach do neamhspleáchas an scoláire, a chur chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe don scoláire ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann sé nó sí dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn sé nó sí chuig an saol tar éis na scoile.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Tá Mo Shaol, M'Airgeadas struchtúrtha chun leanúnachas a sholáthar ón taithí a fhaigheann an scoláire ar an tsraith shóisearach, Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATF) Leibhéal 2, OSPS don tsraith shóisearach agus curaclam bunscoile na Matamaitice chun an fhoghlaim a dhéanann sé nó sí sa tsraith shinsearach a chur chun cinn, a fheabhsú agus a dhoimhniú. Is é is aidhm dó tógáil ar a chuid nó a cuid eolais agus tuisceana ar a chuid nó a cuid airgid a bhainistiú ar feadh na sraithe sinsearaí.

Ach naisc a dhéanamh leis an bhfoghlaim roimhe sin ag an tsraith shóisearach agus le modúil eile ina bhfuil gá le hinniúlacht san airgead, cuidítear le foghlaim an scoláire a neartú agus a chur chun cinn. Tá sé d'aidhm aige freisin braistint gaisce agus muiníne a sholáthar don scoláire de réir mar a aistríonn sé nó sí chuig saol na ngairmeacha, an staidéir nó seirbhísí breise lasmuigh den scoil.

# Teagasc agus foghlaim

Maidir le Mo Shaol, M'Airgeadas, is éard atá mar ghné thábhachtach de tacú leis an scoláire le bheith rannpháirteach i gcásanna fíorshaoil ina bhfuil tábhacht le hairgead a úsáid agus lena chuid nó lena cuid airgid a bhainistiú. Dá bhrí sin, tá na torthaí foghlama a shainaithnítear sa réimse

curaclaim seo deartha chun foráil a dhéanamh maidir le réimse gníomhaíochtaí praiticiúla chun tacú le foghlaim an scoláire. Beidh rólimirt agus cásanna fíorshaoil ina gcuidiú ag an scoláire chun bheith ina dtomhaltóirí níos eolasaí, ós rud é gur féidir leis an scoláire úsáid a bhaint as ábhair nithiúla chun tacú lena chuid nó lena cuid foghlama nó tabhairt faoi idirbhearta iarbhír leis an tacaíocht ábhartha agus chuí. Is féidir leis an scoláire seirbhísí a rochtain ar líne nó i bpearsa. A bhuí leis an saol laethúil, soláthraítear bealaí fiúntacha chun airgead a fhiosrú, chun bheith ag plé leis agus chun é a thuiscint, agus is féidir scileanna bainistíochta airgeadais a chumasú trí idirghníomhaíochtaí laethúla. Ba cheart taithí foghlama leathan a bheith ag an scoláire ar fud an bhaile, na scoile agus an phobail. Nascann an fhoghlaim i ngach modúl leis an bhfoghlaim trasna modúil agus réimsí curaclaim eile de réir mar a fhoghlaimíonn an scoláire chun a chuid nó a cuid airgid agus a chéannacht nó a céannacht airgeadais a bhainistiú agus a chosaint.

## Modúl: Aire a thabhairt do m’airgeadas

### Tuairisceoir modúil

Tríd an modúl seo, foghlaimíonn an scoláire gur acmhainn é an t-airgead agus gur gá dó nó di cinntí eolasacha a dhéanamh le linn siopadóireacht a dhéanamh, go neamhspleách nó le tacaíocht, le haghaidh earraí agus seirbhísí. Foghlaimeoidh sé nó sí freisin gur féidir idirbhearta a dhéanamh i bpearsa nó ar líne. Tríd an modúl seo, nasctar an fhoghlaim le foghlaim ar fud modúil agus réimsí curaclaim eile freisin ós rud é go bhfoghlaimeoidh an scoláire faoin tábhacht a bhaineann lena chuid nó lena cuid airgid agus lena chéannacht nó lena céannacht a chosaint le linn idirbhearta a dhéanamh ar líne.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Tábhacht an airgid sa saol laethúil agus conas is féidir idirbhearta airgid a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear úsáid a bhaint as nótaí páipéir, boinn airgid, cártaí agus aipeanna. | a. A aithint go bhfuil luach ar airgead<br>b. Úsáid mhuiníneach nótaí páipéir agus bonn a léiriú<br>c. Cineálacha difriúla airgid amhail airgead tirim, cártaí, airgead gan tadhall nó aipeanna a aithint, plé leo agus úsáid a bhaint astu<br>d. A aithint go gcosnóidh earraí agus seirbhísí áirithe níos mó ná cinn eile<br>e. Na gnéithe airgeadais dearfacha agus diúltacha a bhaineann leis an tsiopadóireacht ar líne a shainaithint<br>f. Feasacht ar sheirbhísí suibscríbhinne, réamhíoctha agus bille-íocaíochta a léiriú<br>g. Táillí postais agus iompórtála a shainaithint le linn a bheith ag ceannach ar líne<br>h. Príomhghnéithe d’admhálacha siopadóireachta a shainaithint agus a léirmhíniú chun a bhfeidhmeanna a fhiosrú agus a léirmhíniú<br>i. Eolas agus téarmaí a úsáidtear ar dhuillín pá a shainaithint agus a léirmhíniú<br>j. Inneachar duillín pá a thuiscint |
| An timpeallacht ar líne le haghaidh idirbhearta airgeadais agus na tairbhí, na dúshláin agus na | k. An réimse idirbheart airgeadais, ar féidir iad a dhéanamh ar líne, a aithint, |

| | |
|---|---|
| contúirtí féideartha a bhaineann léi. Foghlaimeoidh an scoláire freisin conas is féidir leis nó léi é nó í féin a chosaint agus úsáid á baint as airgead ar líne agus foghlaimeoidh sé nó sí faoi chuid de na calaoisí airgeadais coiteanna ar féidir le coirpigh iad a úsáid chun a gcuid airgid nó sonraí airgeadais a rochtain. | lena n-áirítear baincéireacht agus siopadóireacht ar líne<br>l. A bhfuil i gceist le calaois airgeadais a thuiscint<br>m. Samplaí de chalaois airgeadais a shainaithint<br>n. Contúirtí féideartha na calaoise airgeadais a phlé<br>o. Plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le sonraí pearsanta a chosaint agus céimeanna a shainaithint chun sonraí pearsanta a chosaint<br>p. Céimeanna is féidir a ghlacadh mar íospartach de chalaois airgeadais a shainaithint. |

## Modúl: A bheith i do thomhaltóir eolach agus muiníneach

### Tuairisceoir modúil

Sa mhodúl seo, faigheann an scoláire tuiscint níos fearr ar a bhfuil i gceist le bheith ina thomhaltóir nó ina tomhaltóir agus ar na seirbhísí airgeadais difriúla, amhail an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), ar féidir iad a bheith ina gcuidiú le tacú le tomhaltóirí. Forbróidh sé nó sí feasacht freisin ar na seirbhísí atá á dtairiscint ag institiúidí airgeadais. Foghlaimíonn an scoláire faoi sheirbhísí atá ar fáil chun cuidiú le hairgead a bhainistiú, amhail an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA) agus Ionaid Eolais do Shaoránaigh.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| A chuid nó a cuid ceart agus freagrachtaí tomhaltóirí agus conas cinntí níos eolasaí a dhéanamh agus earraí nó seirbhísí á gceannach, lena n-áirítear conas is féidir leis nó léi gearán a dhéanamh nó réiteach a lorg nuair atá fadhb ann. | a. É nó í féin a shainaithint mar thomhaltóir agus breac-chuntas a thabhairt ar na bealaí difriúla a thomhlaíonn sé nó sí earraí agus seirbhísí<br>b. Sainaithint a dhéanamh ar an áit ar féidir tacaíocht agus comhairle tomhaltóra a fháil<br>c. Feasacht a fhorbairt ar a chuid nó a cuid ceart agus freagrachtaí ar líne agus i bpearsa<br>d. A bhfuil i gceist le ráthaíocht agus baránta a aithint agus tuiscint a fháil ar conas a oibríonn siad<br>e. Tuiscint a fháil ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh má tá fadhb nó ábhar imní ann le hearraí nó seirbhísí |

| | |
|---|---|
| | f. Cás a shainaithint inar gá earra a mhalartú nó a thabhairt ar ais<br>g. Míniú a thabhairt ar na modhanna difriúla chun gearán ó thomhaltóir a réiteach<br>h. Aiseolas cuí, de chineál dearfach nó diúltach, a sholáthar ar earraí nó seirbhísí, i scríbhinn nó ó bhéal |
| Na hinstitiúidí airgeadais difriúla a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais éagsúla. Foghlaimeoidh an scoláire freisin faoi na céimeanna a bhaineann le cuntas a oscailt le hinstitiúid airgeadais. Foghlaimeoidh sé nó sí faoi conas táirgí airgeadais a chur i gcomparáid agus conas is féidir le baincéireacht ar líne a bheith ina cuidiú againn chun ár gcuid airgid a bhainistiú. | i. Sainaithint a dhéanamh ar na céimeanna a bhaineann le baincéireacht ar líne a chur ar bun agus le tabhairt faoi sin<br>j. Na gnéithe den bhaincéireacht ar líne a aithint agus a shainaithint<br>k. A chuid nó a cuid ceart agus freagrachtaí mar thomhaltóir d'institiúid airgeadais a shainaithint agus a mhíniú<br>l. Meastóireacht a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le buiséadú agus coigilt agus tuiscint orthu<br>m. Meastóireacht a dhéanamh ar dheiseanna chun airgead a choigilt<br>n. Uirlisí digiteacha a úsáid chun tacú le pleanáil airgeadais<br>o. A bhfuil i gceist le hiasacht phearsanta a shainaithint<br>p. An uair a d'fhéadfadh iasacht phearsanta a bheith de dhíth ar dhuine a aithint<br>q. Comparáid a dhéanamh idir roghanna iasachta pearsanta agus difríochtaí ina bhfuil á thairiscint a shainaithint<br>r. Tuiscint a fháil ar an bpróiseas agus na rioscaí a bhaineann le hairgead a fháil ar iasacht. |